

NATIONAL COUNCIL FOR SPECIAL EDUCATION

AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

CLÁR ÁBHAR

LEATHANACH

EOLAS	2
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	3 - 4
RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE	5
RÁITEAS UM RIALÁIL AIRGEADAIS INMHEÁNACH	6 - 7
RÁITIS AIRGEADAIS AGUS NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS	9 - 21

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Eolas

Baill Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta in 2016

Eamon Stack (Cathaoirleach)

An tOll. Sheelagh Drudy (Leas-Chathaoirleach)

Áine Lynch, Uas.

Anne Tansey, Uas.

Antoinette Nic Gearailt, Uas.

Don Mahon, Uas.

Eithne Fitzgerald, Uas.

Finian O'Shea, Uas.

Helen Guinan Uas.

Joe Hayes, Uas.

Johnny Murphy, Uas.

Marian Meany, Uas.

Tom O'Sullivan, Uas.

Príomhfheidhmeannach: Teresa Griffin Uas.

Bhí deireadh le téarma trí bliana na Comhairle roimhe seo ar an 31 Nollaig 2015. Cheap an tAire Oideachais & Scileanna an tUas. Eamonn Stack mar Chathaoirleach ón 1 Eanáir 2016. Ceapadh baill eile na Comhairle ón 27 Iúil 2016. Chomhaontaigh an NCSE agus an ROS socrúithe rialachais eile don tréimhse roimh don gComhairle a bheith ceaptha. Beidh deireadh le téarma oifige an Chathaoirligh agus gnáthbhaill Chomhairle an NCSE ar an 31 Nollaig 2018. D'ainmnigh an Chomhairle Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an NCSE chun go síneoidh siad na cuntais agus iad faofa ag an gComhairle, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016, thar a ceann.

Ceann Oifig:

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí

Cuntasóirí:

Mazars, Bloc 3, Ionad Harcourt, Bóthar Harcourt, Baile Átha Cliath 2

Iniúchóirí:

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 3A, Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

Baincéirí:

Banc na hÉireann, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Oideachais do dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu, 2004. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den ráiteas ioncaim agus caiteachais mar aon leis na cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas um shreafaí airgid agus de na nótaí a bhaineann leo. Ullmháodh na ráitis airgeadais sa bhfoirm fhorordaithe de réir Ailt 29 den Acht agus an cleachtas cuntasaiöchta a nglactar leis go coitianta.

Cúraimí Baill na Comhairle

Is í an Chomhairle atá freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Cúraimí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is í an cúram atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a ghabhann leis na comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmí.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta don Iniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is é a ghabhann le hiniúchadh ná fianaise a fháil i leith na suimeanna agus na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais, ar leor í chun ráthaíocht réasúnach a thabhairt nach bhfuil aon mhíríteas nithiúil sna ráitis airgeadais, bíodh sé trí chalaos nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú

- an iomchuí iad na beartais chuntasaiöchta d'imthosca na Comhairle, agus ar cuireadh i ngníomh iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh go hionchuí iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaiöchta mór a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais féin.

Ina theannta sin féachaimse le fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

Is é mo thuairim:

- go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na Comhairle an 31 Nollaig 2016 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas sa bhliain 2016 agus
- gur ullmháodh na ráitis airgeadais go cuí de réir an chleachtais chuntasaiöchta a nglactar leis go coitianta.

Is é mo thuairim gur leordhóthanach iad cuntais chuntasaiöchta na Comhairle, chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go héasca agus mar is cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na cuntais chuntasaiöchta.

Cúrsaí ar a dtuairiscimse trí eisceacht

Tuairiscimse trí eisceacht mura bhfuair mé gach eolas agus míniú a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó má aimsím

- aon ásc nithiúil nár cuireadh airgid chun feidhme chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh ná nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, ná
- nach léirítear sa ráiteas um rialú airgeadais inmheánach gur chomhaill an Chomhairle an Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighimse aon chás nithiúil eile i ndáil leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na gnóthaí seo ar a dtuairiscimse trí eisceacht.

Colette Drinan

Ar son agus thar ceann
An tArd-Reachtair Cuntas agus
Ciste

30 Meitheamh 2017

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas um Fhreagrachtaí na Comhairle

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta orthu, 2004. De réir ailt 29 an tá ar an NCSE leabhair chuntais chuí a choinneáil i leith gach ioncaim agus caiteachais de chuid an NCSE, agus i leith foinsí an ioncaim dá shórt agus ábhar an chaiteachais sin, agus i leith maoine, creidmheasanna agus dliteanais an NCSE. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú de réir barrchleachtais ní mór don Chomhairle:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh;
- Sonrú ar comhalladh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura neamhoiriúnach é a thiomhdiú go leanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i mbun feidhme.

Is é an Chomhairle atá freagrach leis, as sócmhainní an NCSE a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun an chalaouis agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Síniú:

Eamonn Stack
Cathaoirleach

Teresa Griffin
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 30 Meitheamh 2017

Dáta: 30 Meitheamh 2017

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas um Rialáil Airgeadais Inmheánach

Freagracht as an gCóras um Rialáil Airgeadais Inmheánach

Glacaim freagracht mar chathaoirleach, thar ceann bhaill Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialála airgeadais inmheánaí á chothabháil agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta a thabhairt, nach cinnteacht iomlán é, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadh i gceart, agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí eile agus go n-aimsítear go tráthúil iad.

Príomhnósanna Imeachta Rialála

Tá céimeanna glactha ag an gComhairle chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú:

- trína chinntiú go gcomhlíonann an NCSE a hoibleagáidí airgeadais faoin Acht;
- trí chúraimí an lucht bainistíochta a shainiú go soiléir laistigh de struchtúr eagrúcháin sainithe ina bhfuil leithdheighilt shoiléir déanta ar dhualgais;
- trí nósanna imeachta rialála iomchuí a fhorbairt agus a chur chun i bhfeidhm;
- trí choistí iomchuí de chuid na Comhairle a bhunú chun béim níos mó a chur ar limistéir ar leith;
- trí fheidhm iniúchta inmheánach a bhunú; agus
- trí phróisis a bhunú chun priacail ghnó a aithint agus a mheas.

Tá an córas rialála airgeadais inmheánaí bunaithe ar chreatlach a bhfuil d'aidhm aici eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin (lena n-áirítear leithdheighilt na ndualgas, teorainneacha údarúcháin agus lámhleabhar faisnéisithe um nósanna imeachta), agus córas tarmilgthe agus cuntasaióchta a sholáthar. Áirítear leis go sonrath:

- córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil aige, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag an gComhairle sula gcuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna é;
- buiséad oibriúcháin arna chomhaontú ag an gComhairle agus é bunaithe ar theorainneacha buiséid forordaithe arna socrú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna;
- athbhreithniú mionsonraithe ag Feidhmeannacht na Comhairle ar thuarascálacha míosúla agus nuashonraithe ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne an bhuiséid;
- athbhreithniú rialta ag Feidhmeannacht na Comhairle ar thuairiscí airgeadais agus ar phríomh-tháscairí oibriúcháin; agus
- treoirlínte soláthair agus tairisceana atá sainithe go soiléir.

Is iad an coiste iniúchta, an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus foireann bainistíochta na Feidhmeannachta a mhúnlaíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar éifeachtacht an chórais um rialáil airgeadais inmheánach.

Is é an coiste iniúchta, arna cheapadh ag an gComhairle, a athbhreithníonn na ráitis airgeadais bhliantúla agus a dhéanann maoirseacht ar chur i ngníomh éifeachtach na feidhme iniúchta inmheánaí agus aon saincheist a éiríonn aníos i ndáil leis an iniúchadh seachtrach. Bhí dhá chruinniú ag an gcoiste iniúchta in 2016 de bharr nach raibh an Chomhairle ann le linn chéad leath na bliana.

Ceapann an Chomhairle coiste airgeadais a dhéanann athbhreithniú ar ullmhú na ndruchtbhuiséad, ar

chur i ngníomh an bhuiséad oibriúcháin comhaontaithe, a scrúdaíonn na cuntais agus a athbhreithníonn na rialúcháin airgeadais.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas um Rialáil Airgeadais Inmheánach

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Deimhním i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2016 go ndearna an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialáil airgeadais inmheánach.

Síniú:

Eamonn Stack
Cathaoirleach
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Dáta: 30 Meitheamh 2017

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Coinneála Ioncaim

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €	2015 Mar atá athráite €
Deontas Stáit	2	8022747	7,986,298
Aistriú ón gCuntas Caipitil	10	24837	84,812
Ioncam eile	3	<u>17,968</u>	<u>5,299</u>
		8065552	8076409
Caiteachas	4	<u>(8,166,905)</u>	<u>(7,977,868)</u>
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		<u>(101,353)</u>	<u>98,541</u>

Ráiteas Iomlán na nGnóthachán agus Cailteanas Aitheanta

Cúlchistí ioncaim coinneála ag tús na bliana mar a tuairiscíodh roimhe		15,323	(347,690)
Roimh choigeartú	17	—	<u>264,472</u>
Cúlchistí ioncaim coinneála athráite ag tús na bliana		<u>15,323</u>	<u>(83,218)</u>
Cúlchistí ioncaim coinneála athráite ag deireadh na bliana		<u>(86,030)</u>	<u>15,323</u>

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Ní raibh aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta eile sa bhliain, seachas iad siúd a pléadh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus na gCúlchistí Coinneála.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad nótaí 1 go 18.

Síniú:

Eamonn Stack
Cathaoirleach

Teresa Griffin
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 30 Meitheamh 2017

Dáta: 30 Meitheamh 2017

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail 31 Nollaig 2016

		2016	2015
			Mar atá
	Nótaí	€	athráite €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní inláimhsithe	7	371,856	396,693
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Feichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	8	304,349	418,348
Airgead tirim agus a choibhéis		<u>265,163</u>	<u>3,253</u>
Iomlán Sócmhainní Reatha		569,512	421,601
CREIDIÚNAITHE			
Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	9	(655,542)	(406,278)
GLAN-DLITEANAIS / SÓCMHAINNÍ REATHA			
		(86,030)	15,323
Iomlán na Sócmhainní lúide dliteanais reatha		<u>285,826</u>	<u>412,016</u>
ARNA AIRGEADÚ AG			
Cúlchistí Ioncaim Coinneála		(86,030)	15,323
Cuntas Caipitil	10	<u>371,856</u>	<u>396,693</u>
		<u>285,826</u>	<u>412,016</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad nótaí 1 go 18.

Síniú:

Eamonn Stack
Cathaoirleach

Teresa Griffin
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 30 Meitheamh 2017

Dáta: 30 Meitheamh 2017

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas Sreafaí Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

		2016	2015
			Mar atá
	Nótaí	€	athráite
			€
Réiteach an easnamh oibriúcháin le hinsreabhadh airgid ghlan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (Easnamh) / Barrachas oibriúcháin don bhliain		(101,353)	98,541
Dímheas	7	92,921	99,674
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe	7	380	-
Aistriú ón gCuntas Caipitil	10	(24,837)	(84,812)
Méadú / (laghdú) i bhfeichiúnaithe	8	113,999	(88,720)
Méadú / (laghdú) i gcreidiúnaithe	9	<u>249,264</u>	<u>(33,311)</u>
Glan-insreabhadh / (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		330,374	(8,628)
Sreabhadh airgid as gníomhaíochtaí infheistíochta Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a shealbhú	7	<u>(68,464)</u>	<u>(14,862)</u>
Méadú/(laghdú) ar airgead tirim agus a choibhéis		<u>261,910</u>	<u>(23,490)</u>
Airgead tirim agus a choibhéis amhail 1 Eanáir		3,253	26,743
Airgead tirim agus a choibhéis amhail an 31 Nollaig		<u>265,163</u>	<u>3,253</u>
Méadú/(laghdú) ar airgead tirim agus a choibhéis		<u>261,910</u>	<u>(23,490)</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad nótaí 1 go 18.

Síniú:

Eamonn Stack
Cathaoirleach

Teresa Griffin
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 30 Meitheamh 2017

Dáta: 30 Meitheamh 2017

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais thionlacain iad na nótaí seo agus ba chóir iad a léamh in éineacht leo.

1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach anseo thíos na polasaithe suntasacha cuntasáíochta a bhí i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais anseo thíos á n-ullmhú. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach ar gach bliain a léirítear ach amháin má tá a mhalairt curtha in iúl.

1.1 Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 “AnCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhaineann leis an RA agus Poblacht na hÉireann” (“FRS 102”). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe cuntasáíochta ach amháin ioncam a shonraítear ag Nóta 1.4 thíos, agus de réir prionsabail chuntasáíochta a nglactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Ullmhaíodh na ráitis ar bhonn gnóthais leantaigh. Glacann sé leis go mbeidh ar chumas an NCSE an aisíocaíocht éigeantach a dhéanamh go ceann i bhfad.

1.2 Airgeadra ina dtuairiscítear

Is in Euro (“€”) a léirítear ráitis airgeadais na Comhairle agus sin é airgead reatha feidhmeach na Comhairle. Déantar idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche a thaifeadh ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana Pléitear leis na difríochtaí iarmhartacha malartaithe i gcinneadh ioncaim agus caiteachais don bhliain airgeadais.

1.3 Tréimhse Chuntasáíochta

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016.

1.4 Ioncam

Bunaítear an t-ioncam ar fháltais airgid tirim agus is ionann an t-ioncam agus an tsuim a íochtar go díreach leis an NCSE ón Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain mar dheontas i gcomhréir le hAlt 43 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu, 2004.

1.5 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sloinntear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas de réir mhéid chothroim ag rátaí a mheastar chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré mheasta mar seo a leanas:

Troscán & feistis	10 mbliana
Trealamh oifige	5 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	5 bliana
Athchóiriú Léasach	19 mbliana
Bogearraí Ríomhaireachta	3 bliana

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

1.5 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (*ar lean.*)

Déantar athbhreithniú ar luach iompartha na mbunsócmhainní inláimhsithe ó thaobh lagú de má cheaptar nach féidir iad a aisghabháil de dheasca eachtraí nó athrú dálaí. Ag deireadh gach bliain airgeadais déantar athbhreithniú ar shaol úsáideach luach fuílligh agus modhanna titime, agus socraítear iad mar is cuí.

Leagtar amach beartas an NCSE maidir le soláthar agus diúscairt sócmhainní seasta an NCSE ina Bheartas Airgeadais agus ina Lámhleabhar Nósanna Imeachta atá ar aon dul le ciorcláin na Roinne Airgeadais, leis na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

1.6 Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus luach neamh-amúchta an ioncaim as a mbaintear leas chun sócmhainní seasta a airgeadú.

1.7 Sochair d'fhostaithe

Soláthraíonn an Chomhairle réimse leasa do na fostaithe, san áireamh tá socrúithe pá le linn saoire.

Sochair ghearrthréimhse

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, pá saoire san áireamh, mar chostas le linn na tréimhse ina nglactar leo.

Costas sochair aoisliúntais

Foráiltear in alt 25 (5) den Acht EPSEN gur státseirbhísigh atá i bhfoireann na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Is scéimeanna sochair shainithe atá i Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse agus atá neamhchistithe agus arna riaradh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní ghearrtar aon mhúirear sna ráitis airgeadais d'aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos maidir leis na baill foirne seo.

Beidh teideal sochair foirne mar fheidhm a seirbhís sa Chomhairle ag baill fhoirne, agus mar fheidhm aon seirbhís roimhe sin sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is cuí. Ní mhaoinítear an Chomhairle maidir lena leithéid de theidil sochair.

Dá réir sin meastar nach bhfuil feidhm leis na Riachtanais atá i FRS 102 maidir le pleananna sochair sainmhínithe, agus nach bhfuil gá lena thuilleadh nochta.

1.8 Breithiúnais agus meastacháin a úsáid

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, rinne an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a théann i gcion ar pholasaithe cuntasáochta an NCSE agus an méid sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachas a tuairiscíodh. Ní gá go mbeidh na fíorthorthaí ar aon dul leis na meastacháin. Déantar athbhreithniú go rialta ar na meastacháin agus na foshuíomhanna bunúsacha. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin go hionchasach.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

2.	IONCAM	2016 €	2015 €
	Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle:		
	Deontas don Chomhairle (Vóta 26 – Focheannlíne: A11.5 Pá & Neamhphá)	<u>8022747</u>	<u>7,986,298</u>
3.	IONCAM EILE	2016 €	2015 €
	Aisíocaíocht asbhaint a bhaineann le pinsean (Nóta 5)	12669	-
	Ioncam cíosa	5,269	5,269
	An tSaoráil Faisnéise	<u>30</u>	<u>30</u>
		<u>17,968</u>	<u>5,299</u>
4.	CAITEACHAS	2016 €	2015 Mar atá athráite €
	Clóbhualadh, postas agus stáiseanóireacht	169,400	115,039
	Cíos agus Rátaí	383,648	364,371
	Guthán	201,689	159,077
	Solas agus Teas	54,571	40,135
	Deisiúcháin agus Cothabháil	114,409	92,479
	Oiliúint agus forbairt	68,675	31,043
	Caiteachais taistil agus cothabhála ¹	215,242	243,103
	Caiteachas ar chruinnithe ²	16,948	18,978
	Caiteachas ginearálta	4,890	5,665
	Caiteachas ar thaighde	133,432	234,811
	Caiteachas maidir le TF	185,964	182,196
	Seirbhísí Seachfhoinsithe & Táillí Comhairleoireachta ³	96,643	19,493
	Táille Iniúchta Inmheánaigh	13,022	17,468
	Táille Iniúchta Sheachtraigh	10,000	11,200
	Táillí Cuntasaíochta	9,363	7,713
	Táillí Dlí	3,951	1,393
	Pá & tuarastail (Nóta 5)	5,907,773	5,853,144
	ÁSPC Fostóra	483,984	480,886
	Caillteanas ar Shócmhainní a dhiúscairt	380	-
	Dímheas	<u>92,921</u>	<u>99,674</u>

¹ Caitheadh €1,281 ar thaisteal agus cothabháil thar lear sa bhliain. Taisteal agus cothabháil baile ab ea gach taisteal agus cothabháil eile.

² Níor thabhaigh an NCSE aon chaiteachas siamsaíochta sa bhliain.

³ Tabhaíodh táillí ar sheirbhísí seachfhoinsithe agus táillí comhairleoireachta maidir le seirbhísí cumarsáide, athbhreithniú eagraíochta agus comhairleoireacht phárolla.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)****5. PÁ AGUS TUARASTAIL**

Tá beartas an Rialtais i ndáil le pá an phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid comhlachtaí stáit á chur i bhfeidhm. Ba é 99 líon na mball foirne a bhí fostaithe ag an NCSE faoi dheireadh na bliana 2016 (2015: 99). Foireann Seirbhísí Áitiúla ab ea 79 díobh (2015: 69) agus 20 ball foirne sa Cheann-oifig (2015: 20).

B'ionann an caiteachas ar thuarastail na foirne Seirbhísí Áitiúla agus €4,656,575 (2015 €4,498,020) agus b'ionann tuarastail foireann na Ceannoifige agus €1,251,198 (2015: €1,355,124). Is ionann sin agus €5,907,773 (2015: €5,853,144) san iomlán.

Asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais arbh fhiú €254,098 iad ó thuarastail na mbaill foirne i gcaitheamh na bliana (2015: €281,215). Comhairlíodh don NCSE i gcaitheamh na bliana go raibh ró-íocaíocht aoisliúntais déanta i mblianta roimhe seo agus bhí aisíocaíocht €287,095 dlite maidir le baill foirne i mbun seirbhíse san NCSE (féach Nóta 17). Ríomhadh méid breise i ndáil le foireann scortha. Measadh go raibh €70,000 i gceist leis an dara méid thuas ach ag dúnadh na geuntas 2016 ní raibh sé curtha i gcrích ná comhaontaithe. Lena chois sin rinneadh aisíocaíocht €12,669 don Ranníocaíocht um Phinsean de chuid na mball foirne seo leis an NCSE in 2016.

D'íoc an NCSE €145,978 leis an RCPA i gcomhair asbhaintí aoisliúntais go mí Lúnasa 2016 agus ón am seo ní dhéanfar aon íocaíochtaí eile go dtí go mbeidh an t-iarmhéid atá ag dul don NCSE glanta (féach Nóta 8).

Rinneadh asbhaintí €321,130 maidir le pinsean ó thuarastail foirne i gcaitheamh na bliana (2015: €407,139). D'íoc an NCSE €308,461 leis an Roinn Oideachais agus Scileanna glan den €12,669 d'aisíocaíochtaí dá dtagraítear thuas.

Réimse iomlán na sochair d'fhostaithe		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go	2016	2015
€60,000	- €69,999	45	53
€70,000	- €79,999	3	2
€80,000	- €89,999	1	1
€90,000	- €99,999	3	4
€100,000	- €109,999	-	-
€110,000	- €119,999	-	-
€120,000	- €129,999	-	-
€130,000	- €139,999	1	1

6. COSTAIS, TÁILLÍ STIÚRTHÓIRÍ AGUS LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Ní íoctar táillí do bhaill na Comhairle maidir lena ról mar bhaill Chomhairle an NCSE. Tá baill na comhairle i dteideal airgead atá caite acu ar thaisteal agus cothabháil a éileamh. Éilíodh €8,521 (2015: €25,709) san iomlán in 2016.

Is Ard-Rúnaí Cúnta de chuid na státseirbhíse atá sa Phríomhfheidhmeannach (POF). Ba é €136,496 scála tuarastail an POF in 2016 (2015: €130,706). Is ball den scéim aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe é an POF agus ní shíneann na teidlíochtaí pinsin thar teidlíochtaí caighdeánacha na scéime – féach leis, Nóta 1.7. Sochair d’Fhostaithe.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

7. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE						
Iomlán	Léas Athchóiriú €	Troscán Trealamh €	Oifige €	Ríomhairí Trealamh €	Ríomhairí Bogearraí €	Costas €
An 31 Nollaig 2015	610,351	65,268	275,182	539,557	391,215	1,881,573
Breiseanna	-	285	9,323	28,447	30,409	68,464
Diúscairtí	-	-	-	(652)	-	(652)
An 31 Nollaig 2016	610,351	65,553	284,505	567,352	421,624	1,949,385
Dímheas Carntha						
An 31 Nollaig 2015	353,361	61,493	235,944	449,756	384,326	1,484,880
Muirear don bhliain	32,124	1,413	14,129	34,756	10,499	92,921
Diúscairtí	-	-	-	(272)	-	(272)
An 31 Nollaig 2016	385,485	62,906	250,073	484,240	394,825	1,577,529
Glanluach na Leabhar						
An 31 Nollaig 2015	<u>256,990</u>	<u>3,775</u>	<u>39,238</u>	<u>89,801</u>	<u>6,889</u>	<u>396,693</u>
An 31 Nollaig 2016	<u>224,866</u>	<u>2,647</u>	<u>34,432</u>	<u>83,112</u>	<u>26,799</u>	<u>371,856</u>
An Bhliain roimhe						
Iomlán	Léas Athchóiriú €	Troscán Trealamh €	Oifige €	Ríomhairí Trealamh €	Ríomhairí Bogearraí €	Costas €
An 31 Nollaig 2014	610,351	65,065	271,111	528,969	391,215	1,866,711
Breiseanna	-	203	4,071	10,588	-	14,862
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
An 31 Nollaig 2015	610,351	65,268	275,182	539,557	391,215	1,881,573
Dímheas Carntha						
An 31 Nollaig 2014	321,237	59,676	222,798	414,039	367,456	1,385,206
Muirear don bhliain	32,124	1,817	13,146	35,717	16,870	99,674
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
An 31 Nollaig 2015	353,361	61,493	235,944	449,756	384,326	1,484,880
Glanluach na Leabhar						
An 31 Nollaig 2014	<u>289,114</u>	<u>5,389</u>	<u>48,313</u>	<u>114,930</u>	<u>23,759</u>	<u>481,505</u>

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

		2016	2015
8.	FEICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ		
		€	Mar atá athráite €
	Réamhíocaíochtaí	118,814	129,058
	Féichiúnaithe	6,560	2,195
	Aisíocaíocht ranníocaíochtaí aoisliúntais (Nóta 5)	<u>178,975</u>	<u>287,095</u>
		<u>304,349</u>	<u>418,348</u>
	Tá gach féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin.		
9.	CREIDIÚNAITHE	2016	2015
	Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	€	€
	Creidiúnaithe is soláthraithe	100,469	65,091
	CBL Iníoctha	17,966	8,627
	Cáin choinneála m. l. seirbhísí gairmiúla	9,201	7,765
	Asbhaintí Párolla	236,884	3,039
	Soláthar do phá saoire	208,729	281,212
	Fabhruithe	<u>82,293</u>	<u>40,544</u>
		<u>655,542</u>	<u>406,278</u>
10.	CUNTAS CAIPITIL	2016	2015
		€	€
	Iarmhéid Tosaigh	396,693	481,505
	Ioncam a úsáideadh chun Sócmhainní a cheannach	68,464	14,862
	Caillteanas ar shócmhainní a dhiúscairt	(380)	-
	Amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainne	<u>(92,921)</u>	<u>(99,674)</u>
	Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	<u>(24,837)</u>	<u>(84,812)</u>
	Iarmhéid Deiridh	<u>371,856</u>	<u>396,693</u>

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

11. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Oibríonn an NCSE gréasán 33 oifig ar fud an Stáit, lena n-áirítear a Ceanncheathrú i mBaile Átha Troim, Contae na Mí. Is ar cíós a fhaightear formhór na n-oifigí ó aonáin atá á gcistiú ag an Rialtas. Oibrítear cúig cinn d'oifigí trí chomhaontuithe léasa* idir an NCSE agus comhlachtaí tráchtála.

Tá comhaontuithe ligin ag an NCSE le 5 chomhlacht tráchtála:

- Léas 1 i gcomhair 4 bliana agus 9 mí, bhí deireadh leis i mí Eanáir 2015⁴, cíós bhliantúil €16,638
- Léas 2 i gcomhair 1 bhliain ag tosú 1ú Iúil 2016, cíós bhliantúil €5,395
- Léas 3 i gcomhair 4 bliana agus 11 mí, bhí deireadh leis i mí na Samhna 2016, cíós bhliantúil €7,200
- Léas 4 i gcomhair 3 bliana ag tosú 1ú Lúnasa 2015, cíós bhliantúil €14,760
- Léas 5 i gcomhair 4 bliana agus 9 mí ag tosú 1 Lúnasa 2015, cíós bhliantúil €10,000

Is ionann an chíós bhliantúil a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais i leith na gcomhaontuithe léasa seo agus €53,993 (2015: €42,243). Tá na gealltanais bhliantúla seo a leanas ag an NCSE faoi na léasanna oibríúcháin a rachaidh in éag:

	2016	2015
	€	€
laistigh de bhliain amháin	22,033	29,233
le linn na mblianta 2 go 5	24,760	24,760
ag dul in éag dá éis sin	-	-

*Ní thagann na comhaontuithe seo faoi réir athbhreithnithe cíosa.

Ag deireadh na bliana tá ceangaltais amuigh ag an gComhairle faoi léasanna oibríochta a bhíonn dlite mar seo a leanas:

	2016	2015
	€	€
laistigh de bhliain amháin	46,793	32,858
níos déanaí ná bliain amháin ach laistigh de chúig bliana	31,943	56,703
níos déanaí ná cúig bliana	-	-
	<u>78,736</u>	<u>89,561</u>

12. ÁITREABH

Tá an NCSE ag áitiú áitribh ag 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí faoi chomhaontú cíosa le hOifig na nOibreacha Poiblí. Is ar feadh téarma 20 bliain a mhaireann an comhaontú sin, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2004. Ina theannta sin is amhlaidh atá comhaontuithe cíosa ag an gComhairle i leith 32 mhaoine eile ag ionaid éagsúla ar fud na tíre. Is ionann an muirear cíós bliantúil iomlán atá san áireamh leis na ráitis airgeadais don bhliain 2016 agus €383,648.

⁴Tá comhaontú déanta chun an t-áitreabh a choinneáil le linn cóiríocht eile a bheith á foinsíú

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

13. SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Bíonn dliteanas teagmhasach ann sa chás gur tharla imeacht a d'fhéadfadh oibleagáid a chur ar an NCSE agus nach féidir a dhaingniú gurb ann di go dtí go dtarlaíonn nó nach dtarlaíonn imeachtaí neamhchinnte sa todhchaí nach bhfuil aon neart ag an NCSE orthu. Bíonn dliteanas teagmhasacha freisin ann agus na cúrsaí amhlaidh go ndéanfaí soláthar ach amháin nach dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní nó nach féidir méid na hoibleagáide a mheas go húdaráisach. Ní aithnítear dliteanas theagmhasacha ar an gClár Comhardaithe ach nochtar iad i nóta leis na cuntais.

Bíonn sócmhainn teagmhasach ann sa chás gur tharla imeacht a d'fhéadfadh sócmhainn a thabhairt don NCSE agus nach féidir a dhaingniú gurb ann di go dtí go dtarlaíonn nó nach dtarlaíonn imeachtaí neamhchinnte sa todhchaí nach bhfuil aon neart ag an NCSE orthu. Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha ar an gClár Comhardaithe ach nochtar iad i nóta leis na cuntais.

14. SEASAMH MAIDIR LE CISTIÚ

Deontas is ea ioncam an NCSE ón Roinn Oideachais agus Scileanna a chuirtear ar fáil chun freastal ar dhliteanas a thagann in aibíocht le linn na bliana i gcodarsnacht le caiteachas a thabhaítear le linn na bliana. Freastalófar ar an easnamh reatha trí chistiú a thabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna don NCSE amach anseo.

15. TEAGMHAIS IARCHLÁIR CHOMHARDAITHE

Amhail an 20 Márta 2017 aistríodh bainistíocht na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, an tSeirbhís Náisiúnta um Thacaíocht Iompair agus an tSeirbhís Múinteoirí Cuairte do Pháistí atá bodhar/a bhfuil laige éisteachta orthu agus do Pháistí atá dall/a bhfuil laige radhairc orthu chuig an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

16. BAILL NA COMHAIRLE – NOCHTADH LEASA

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Cleachtais na Roinne Airgeadais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit i ndáil le nochtadh leasanna Bhaill na Comhairle.

Íocadh €3,126 le ball amháin den gComhairle le linn na bliana maidir le seirbhísí gairmiúla a tugadh i ndáil le hAthbhreithniú Cuimsitheach ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta. Ní raibh aon bhaint ag na seirbhísí seo lena ról mar bhall den gComhairle (2015: € nialas).

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

17. COIGEARTÚ MAIDIR LE TRÉIMHSE ROIMHE

Eascaíonn an coigeartú maidir le tréimhse roimhe mar thoradh ar na rudaí seo a leanas:

Comhairlíodh don NCSE i gcaitheamh 2016 go raibh ró-focaíocht aoisliúntais déanta i mblianta roimhe seo agus bhí aisíocaíocht €287,095 dlite ón RCPA maidir le baill foirne i mbun seirbhíse san NCSE.

Is féidir an coigeartú maidir le tréimhse roimhe a mheas mar seo a leanas:

Ioncam & Caiteachas

	2015 Mar a cuireadh i láthair i dtosach €	2015 Coigeartú €	2015 Roimh choigeartú €	2015 Athráite €
Pá & tuarastail	5,875,767	(22,623)	-	5,853,144

Laghú chun aisíocaíocht atá dlite maidir le ranníocaíochtaí na bliana 2015 a léiriú

An Clár Comhardaithe

	2015 Mar a cuireadh i láthair i dtosach €	2015 Coigeartú €	2015 Roimh choigeartú €	2015 Athráite €
Féichiúnaithe <i>Méadú chun an aisíocaíocht atá dlite a léiriú</i>	131,253	22,623	264,472	418,348
Cúlchistí arna gCoinneáil <i>Méadú a léiríonn laghdú costais foirne i mblianta roimhe</i>	(271,772)	22,623	264,472	15,323

18. FAOMHADH NA RÁITIS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Cathaoirleach agus an POF na ráitis airgeadais an 30 Meitheamh 2017.